# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/167 ÓN gCOIMISIÚN

**an 3 Samhain 2022**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/256 lena mbunaítear pleanáil rollach ilbhliantúil**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/256 ón gCoimisiún ([2]), bunaíodh pleanáil rollach ilbhliantúil maidir leis an mbailiú sonraí faoi Rialachán (AE) 2019/1700 ó 2021 go dtí 2028.

(2) Chun a áirithiú go mbeidh an phleanáil rollach ilbhliantúil éifeachtach agus comhsheasmhach le riachtanais na n-úsáideoirí, is gá í a oiriúnú tríd an ábhar *ad hoc* atá le cumhdach leis an modúl *ad hoc* le haghaidh 2025 den Suirbhé Eorpach ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (EU-SILC) a shonrú, ó tharla nach raibh eolas air tráth a glacadh Rialachán (AE) 2020/256.

(3) Tá na hoiriúnuithe ar an bpleanáil rollach ilbhliantúil le teacht i bhfeidhm tráth nach déanaí ná 24 mhí roimh thús gach tréimhse bailithe sonraí, mar a shonraítear sa phleanáil le haghaidh bailiú bliantúil nó fobhliantúil sonraí.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/256 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/256 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 31 Nollaig 2022.

([1]) IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/256 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí phleanáil rollach ilbhliantúil a bhunú (IO L 54, 26.2.2020, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Samhain 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/256, cuirtear an méid seo a leanas in ionad chuid B:

“Cuid B: Tréimhsí bailithe sonraí le haghaidh na bhfearann ag a bhfuil roinnt tréimhsiúlachtaí

| Fearainn | Grúpaí (acrainmneacha) | Blianta bailithe sonraí | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 |
| Lucht saothair | In aghaidh na ráithe (LFQ) | Gach ráithe | Gach ráithe | Gach ráithe | Gach ráithe | Gach ráithe | Gach ráithe | Gach ráithe | Gach ráithe |
| | In aghaidh na bliana (LFY) | X | X | X | X | X | X | X | X |
| | ‘Cúiseanna le himirce’ agus ‘socruithe maidir le huaireanta oibre’ (LF2YA) | X | | X | | X | | X | |
| | ‘Rannpháirtíocht san oideachas foirmiúil agus seachfhoirmiúil agus san oiliúint fhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil (12 mhí)’, ‘míchumas agus gnéithe eile den Mhodúl Eorpach Íosta maidir le Sláinte’ agus ‘gnéithe den Mhodúl Eorpach Íosta maidir le Sláinte’ (LF2YB) | | X | | X | | X | | X |
| | An staid ina bhfuil imircigh agus a neasghaolta ar mhargadh an tsaothair (LF8YA) | X | | | | | | | |
| | Pinsin agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair (LF8YB) | | | X | | | | | |
| | ‘Daoine óga sa mhargadh saothair’ agus ‘gnóthachtáil oideachais – sonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh’ (LF8YC) | | | | X | | | | |
| | Saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh (LF8YD) | | | | | X | | | |
| | Eagrú na hoibre agus socruithe maidir le ham oibre (LF8YE) | | | | | | | X | |
| | Tionóiscí ag an obair agus fadhbanna sláinte a bhaineann leis an obair (LF8YF) | | | | | | | | X |
| | Ábhar *ad hoc* maidir le scileanna gairmiúla | | X | | | | | | |
| | Ábhar *ad hoc* (le sainiú ag tráth níos déanaí) | | | | | | X | | |

| Fearainn | Grúpaí (acrainmneacha) | Blianta bailithe sonraí | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 |
| Ioncam agus Dálaí Maireachtála | In aghaidh na bliana (ILCY) | X | X | X | X | X | X | X | X |
| | Leanaí (ILC3YA) | X | | | X | | | X | |
| | Sláinte (ILC3YB) | | X | | | X | | | X |
| | An Margadh Saothair agus Tithíocht (ILC3YC) | | | X | | | X | | |
| | Mianach saoil (ILC6YA) | | X | | | | | | X |
| | Tarchur míbhuntáistí ó ghlúin go glúin & Deacrachtaí tithíochta (ILC6YB) | | | X | | | | | |
| | Rochtain ar sheirbhísí (ILC6YC) | | | | X | | | | |
| | Rófhéichiúnas, tomhaltas agus saibhreas (ILC6YD) | | | | | | X | | |
| | Ábhar *ad hoc* maidir le Socruithe agus dálaí maireachtála leanaí laistigh de theaghlaigh scartha nó chumaisc | X | | | | | | | |
| | Ábhar *ad hoc* maidir le hÉifeachtúlacht fuinnimh an teaghlaigh | | | X | | | | | |
| | Ábhar *ad hoc* maidir le Fuinneamh agus an Comhshaol | | | | | X | | | |
| | Ábhar *ad hoc* (le sainiú ag tráth níos déanaí) | | | | | | | X” | |